Trí cinn de scéalta sí:
Na daoine maithe agus obair an tí,
Mailí, an madra, is an carr sleamhnáin,
Sióigín óg, é féin is a scáil!

ISBN 978-1-85791-698-0

Siotaí Sí

Siotaí Sí

Beiliúchán de nuascé

R3

An chéad eagrán 2008

© An Roinn Oideachais agus Eolaíochta / Foras na Gaeilge, 2008

Obair ealaíne © na healaíontóirí

ISBN 978-1-85791-698-0

Gach ceart ar cosaint. Ní ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, a chur i gcomhad athfhála, ná a tharchur ar aon mhodh ná slí, bíodh sin leictreonach, meicniúil, bunaithe ar fhótachóipeáil, ar thaifeadadh nó eile, gan cead a fháil roimh ré ón bhfoilsitheoir.

Baineann an saothar seo le scéim Dhearthóirí Áiseanna Teagaisc na Roinne Oideachais agus Eolaíochta atá ann chun áiseanna Gaeilge a sholáthar do na bunscoileanna Gaeltachta agus do na bunscoileanna lán-Ghaeilge.

Máire Mhac an tSaoi, Ann-Marie Lavery agus Claire Ryan a scríobh

Dearadh agus leagan amach: Designit

Obair Ealaíne: Christine Warner, Steve Simpson agus The Cartoon Saloon

Muintir Chathail Teo a chlóbhuail in Éirinn

Le fáil tríd an bpost uathu seo:

An Siopa Leabhar,
6 Sráid Fhearchair,
Baile Átha Cliath 2.
ansiopaleabhar@eircom.net

nó

An Ceathrú Póilí,
Cultúrlann Mac Adam-Ó Fiaich,
216 Bóthar na bhFál,
Béal Feirste BT12 6AH.
leabhair@an4poili.com

Orduithe ó leabhardhíoltóirí chucu seo:

Áis,
31 Sráid na bhFíníní,
Baile Átha Cliath 2.
eolas@forasnagaeilge.ie

nó

International Education Services,
Eastát Tionsclaíoch Weston,
Léim an Bhradáin,
Co. Chill Dara.
info@iesltd.ie

An Gúm, 24-27 Sráid Fhreidric Thuaidh, Baile Átha Cliath 1

Clár

Suaircín 5

Sióga Cheann Tíre 23

Is trom an t-ualach an leisce! 43

Suaircín

Máire Mhac an tSaoi

Bhí cailín beag ann fadó – is minic a bhí agus beidh go deo. Bhí sí beagán cosúil leatsa. Bhí Mamaí aici, bhí Daidí aici, bhí deartháir aici. Bhí teach aici le cónaí ann, chomh deas is a chonaic tú riamh, agus bhíodh rudaí deasa le n-ithe agus le n-ól aici. Thug a Mamaí agus a Daidí cion ó chroí di féin agus dá deartháir.

Bhíodh Mamaí i gcónaí ag smaoineamh conas a spárálfadh sí airgead chun éadaí nua a cheannach dóibh.
Thógadh Daidí
ar a ghlúine iad
gach oíche
agus d'insíodh
sé scéalta iontacha dóibh
faoin slua sí;
faoi Dhonn
agus Clíona
agus Aoibheall
agus Áine
a mhair sna síbhruíonta
faoi na cnoic
san anallód.

Ach ní raibh an cailín beag sásta. Ó mhaidin go hoíche bhíodh sí ag clamhsán, 'Níl aon rud le déanamh agam.'

Agus nuair a dúirt a máthair léi, lá amháin, 'Cad mar gheall ar obair an tí?' chuir sí púic chomh gránna sin uirthi féin go ndúirt Mamaí, 'A leithéid de phúic. Scanróidh tú na daoine maithe.'

'Na daoine maithe?' arsa an cailín beag. 'Cé hiad na daoine maithe?'

'An slua sí,' arsa Mamaí, 'agus má théann tú síos go bun an gharraí, amach as seo faoi mo chosa, b'fhéidir go bhfeicfidh tú iad faoin gcrann caorthainn.'

Bhí a lán le déanamh ag Mamaí an lá sin agus ní raibh aon duine ag cabhrú léi.

Chuaigh an cailín beag síos go bun an gharraí agus shuigh sí síos faoin gcrann caorthainn. Thug sí faoi deara na beacha broidiúla ag bailiú meala, na féileacáin ag eitilt ó bhláth go bláth, agus iontais uile an nádúir ina timpeall. Bhí sí ag smaoineamh di féin gur dheas dá mbeadh slua sí, nó fiú sióigín bheag amháin, a thiocfadh i gcabhair ar a Mamaí nuair a bhí an méid sin oibre le déanamh aici.

Ansin, chuala sí an glór in aice léi – guth caoin séimh ceolmhar a dúirt, 'Abair liom, a linbh, cad a thug anseo thú?'



D'fhéach an cailín beag suas agus ansiúd le hais an chrainn bhí bean uasal ina seasamh. Ní raibh sí óg ná ní raibh sí críonna. Bhí cineáltas agus tuiscint le léamh ar a haghaidh álainn.

D'fhreagair an cailín beag í, 'Tá mé ag lorg na ndaoine maithe.'

Rinne an bhean uasal gáire ach bhí brón ina súile nuair a labhair sí, 'Ó, mo chroí thú,' ar sise. 'Ní gach lá a chastar na daoine maithe ort – agus fiú nuair a chastar ort iad seans nach n-aithneofá iad mar dhaoine maithe. Ach gabh i leith tusa chun an tobair. Gabh síos ar do ghlúine agus corraigh an t-uisce agus tú ag aithris an rainn seo:

CORRAÍM AN tUISCE
GO bhFEICE MÉ AN FHÍS.
DHEINEAS AGUS CHONAC ...

Feicfidh tú críoch an rainn sa tobar ina dhiaidh sin.'

Rinne an cailín mar a dúirt an bhean léi. Nuair a chiúnaigh an t-uisce d'fhéach sí síos, a súile ar dianleathadh le bís. Céard a chonaic sí ach a scáil féin ag breathnú aníos uirthi ón uisce. Tháinig críoch an rainn chuici ar an toirt.

CORRAÍM AN tUISCE
GO bhFEICE MÉ AN FHÍS.
DHEINEAS AGUS CHONAC ...

... MO SCÁILSE FÉIN THÍOS.

Bhí an bhean álainn fós taobh léi.
'Agus cé tusa?' a dúirt an cailín beag.
D'fhreagair an bhean uasal,
'Is mise an mháthair áil.
Táim chomh sean leis an gceo,
agus is mó ainm a thug
agus a thugann daoine orm:
Éadaoin agus Aoife
agus Donn sa sean-am,
agus arís Bríd agus Íde
agus Gobnait ar ball,
ach níl rún ar bith i gcroí an duine
nach bhfuil fuascailt agam air ...

... agus tuigim cailíní beaga agus a
máithreacha freisin.'

Chuaigh an cailín beag síos ar a glúine.
Líon sí a dá lámh den fhíoruisce fuar
agus d'ól sí.

Dúirt an bhean uasal, 'Ón am seo amach,
bí cuiditheach, geanúil, misniúil, suairc,
mar tuigeann tú anois an cairdeas
agus an grá
agus ceangal an teaghlaigh.
Agus tabharfar "SUAIRCÍN" ort
toisc go bhfuil bua an tsuaircis bainte
amach agat.'



D'eitil rud éigin sciathánach thar aghaidh
an chailín agus thuirling ar bhrollach
a gúna. Cad a bhí ann? ... Ú-ú-ú, bóín Dé.

Shiúil an cailín beag go mall, mall, go dtí doras na cistine. Bhí a Mamaí ann roimpi agus phógadar a chéile.

Dúirt an cailín, 'Beidh Daidí ag teacht abhaile aon nóiméad anois – leagfaidh mise an bord duit le haghaidh an tae.'

Chuidigh sí lena máthair le fonn, a croí lán d'áthas agus grá – agus d'fhan an bóín Dé go ciúin socair ar bhrollach a gúna.

Sióga Cheann Tíre

Ann-Marie Lavery

Bhí sióg i gCeann Tíre tráth. Rírá an t-ainm a bhí air. Ní raibh sé ach díreach tagtha ar an saol.

Agus é ag imeacht leis amach ag spaisteoireacht bhuail Rírá le sióg eile ar thairseach a thí. Ruaille Buaille an t-ainm a bhí ar an tsióg seo. Chaith Rírá agus Ruaille Buaille an lá ar fad i gcomhluadar a chéile. Aon áit a raibh Rírá bhí Ruaille Buaille ann chomh maith. Ní scarfadh aon ní an bheirt óna chéile.

Amuigh ag súgradh a chaitheadar an lá,

ag rith siar is aniar,
suas is anuas,

ag iascach ar an loch

is ag scipeáil tríd an aer.
Nach acu a bhí an spórt
agus an spraoi
an lá aoibhinn gréine úd!

Ach ansin tháinig an oíche. Bhí sé ag dul ó sholas agus bhí na réaltaí agus an ghealach ag déanamh iarracht teacht amach agus a gcluichí féin a imirt. Níor thuig Rírá céard a bhí ag titim amach.

Agus ansin, go tobann, bhí Ruaille Buaille imithe! Bhí mearbhall ar Rírá. Cá raibh Ruaille Buaille imithe? Agus cén fáth ar imigh sé?

Bhí Rírá bocht trína chéile. Ní raibh a fhios aige an bhfeicfeadh sé Ruaille Buaille go deo arís.

Shocraigh sé go dtabharfadh sé cuairt ar Rían, rí na sióg i gCeann Tíre, le comhairle agus cabhair a fháil uaidh.

Shiúil sé isteach go pálás an rí, áit a raibh Rían ina shuí ina ríchathaoir.

'A rí! Tá do chabhair uaim!' arsa Rírá leis an rí. 'Abair leat,' arsa an rí.

Ag súgradh a bhíomar,
Ag súgradh is ag spraoi.
Anois tá sé imithe,
Cá bhfuil sé, a rí?
Bhí sé liom ar an gcnoc,
An bheirt againn ag rith,
Ach anois níl tuairisc air
Áit ar bith.

D'éist an rí le scéal Rírá. Ansin shuigh sé siar ina ríchathaoir agus thosaigh sé ag smaoineamh. Nuair nár tháinig aon smaoineamh chuige dúirt sé:

Níl a fhios agam, a shióigín, níl a fhios agam, faraor.
Is ag sióga na gcnoc, a bheadh réiteach do scéil!
Tá siadsan níos airde, níos airde sa spéir,
Os cionn páirce is talún, os ár gcionn go léir!

'Go raibh maith agat,' arsa Rírá agus bhuail sé bóthar ag lorg áit chónaithe shióga na gcnoc.

Thóg sé tamall air teacht ar áit chónaithe shióga na gcnoc. Nuair a bhain sé amach an áit ar deireadh shiúil sé tríd an bhfraoch agus tríd an aiteann nó gur tháinig sé chomh fada leis an rí.

D'fhiafraigh sé den rí an raibh aon tuairim aige cá raibh Ruaille Buaille. D'éist rí shióga na gcnoc le scéal Rírá agus ansin dúirt sé:

Níl aithne agam ar Ruaille Buaille, a stór.
Ní i mo thírse atá sé, ach guím ort ádh mór.

Bhí an-díomá ar Rírá agus é ag taisteal ar ais go Ceann Tíre. Shiúil sé isteach i bpálás an rí arís. Bhí trua ag rí na sióg dó.

'Inis do scéal dom, inis é arís, agus b'fhéidir go bhfeicfinn do chara i bhfís,' ar seisean.

Ag súgradh a bhíomar,
Ag súgradh is ag spraoi.
Anois tá sé imithe,
Cá bhfuil sé, a rí?
Bhíomar ag iascach,
Ansiúd inár suí,
Anois táim ag éirí
An-bhuartha faoi.

Shuigh an rí siar sa ríchathaoir agus thosaigh sé ag smaoineamh. Tar éis cúpla nóiméad labhair sé:

Níl a fhios agam, a shióigín, níl a fhios agam, faraor.
Is ag sióga na farraige, a bheadh réiteach do scéil!
Más ag iascach a bhí sé, a shióigín bhinn,
Faoin bhfarraige a bheadh sé, ní thuas anseo linn.

'Go raibh maith agat,' arsa Rírá agus bhuail sé bóthar agus é ag cuardach shióga na farraige.

Síos go dtí an trá leis agus isteach i bpluais san aill. D'éist rí shióga na farraige le scéal Rírá ach ansin ar seisean:

Níl aithne agam ar Ruaille Buaille, a stór.
Ní i mo thírse atá sé, ach guím ort ádh mór!

Bhí an-díomá ar Rírá agus é ag taisteal ar ais go Ceann Tíre. Shiúil sé ar ais go dtí pálás an rí arís. Bhí trua ag rí na sióg dó.

'Inis do scéal dom, inis é arís, agus b'fhéidir go bhfeicfinn do chara i bhfís,' ar seisean.

Ag súgradh a bhíomar,
Ag súgradh is ag spraoi.
Anois tá sé imithe,
Cá bhfuil sé, a rí?
Bhíomar ag scipeáil
Is ag damhsa san aer,
Anois tá mise
Liom féin ar an bhféar.

Shuigh rí na sióg siar sa ríchathaoir arís agus thosaigh sé ag smaoineamh.

Níl a fhios agam, a shióigín, atá tagtha ar an saol.

B'fhéidir gur ag sióga na gealaí a bheadh réiteach do scéil!



Bhí Rírá bocht ag éirí tuirseach faoin am seo ach bhuail sé bóthar ag cuardach áit chónaithe shióga na gealaí. Shiúil sé suas go barr an chnoic ab airde i gCeann Tíre. Bhí sé chomh gar don ghealach is go raibh sé in ann labhairt le rí shióga na gealaí. D'fhiafraigh sé den rí an raibh aon tuairim aige cá raibh Ruaille Buaille. D'éist an rí leis an scéal agus ansin dúirt sé:

Níl aithne agam ar Ruaille Buaille, a stór.

Ní i mo thírse atá sé, ach guím ort ádh mór!

Bhí tuirse agus díomá ar Rírá. Bhí an oíche ar fad caite aige ag cuardach Ruaille Buaille ach tásc ná tuairisc ní raibh air in aon áit. Shuigh sé síos ar an bhféar, gan tuairim na ngrást aige cad a dhéanfadh sé. Chrom sé a cheann agus thosaigh sé ag caoineadh.

Thosaigh an ghrian ag éirí san oirthear. Diaidh ar ndiaidh chuaigh na réaltaí agus an ghealach i bhfolach agus chuir an ghrian a ceann aníos de dhroim na gcnoc. D'éirigh Rírá as an ngol nuair a bhraith sé teas na gréine. Nuair a d'oscail sé a shúile cé a bheadh in aice leis ach … Ruaille Buaille!

Amuigh ag súgradh a chaitheadar an lá,

ag rith siar is aniar,
agus suas is anuas,

ag iascach ar an loch

is ag scipeáil tríd an aer.
Nach acu a bhí an spórt
agus an spraoi
an lá aoibhinn gréine úd!

Agus Rírá agus Ruaille Buaille ag rith ar nós na gaoithe síos an cnoc bhuail siad le Rían, rí na sióg.

'An bhfuil aon tásc nó tuairisc ar do chara Ruaille Buaille?' a d'fhiafraigh rí na sióg de Rírá.

'Tá sé anseo in aice liom. Nach bhfeiceann tú é!' a dúirt Rírá leis, ag sméideadh a chinn i dtreo Ruaille Buaille.

'Ní fheicimse aon duine. Ach feicim do scáil ina luí ar an bhféar!' a dúirt an rí leis.

A shióigín, atá tagtha ar an saol,
Tá scáil ag gach sióigín amuigh faoin ngrian.
Ach ní fheictear an scáil riamh san oíche
Nuair a bhíonn an ghrian bhuí dulta ag luí.
A fhad is a bheidh grian ag taitneamh,
is ag scairteadh go beo,
Beidh dlúthchara buan agat i gcónaí is go deo.
Seo libh anois, a chairde, mo chroí,
Bainigí sult agus spraoi as an ngrian mhór bhuí.

Agus siúd le Rírá agus a scáil, Ruaille Buaille, ag rith siar is aniar agus suas is anuas, ag baint taitnimh, suilt agus spraoi as lá aoibhinn gréine a chaitheamh i gcuideachta a chéile!

Is trom an t-ualach an leisce!

Claire Ryan

Mí na Nollag i mBaile Átha Cliath – an ghrian ag taitneamh, spéaclaí gréine agus cultacha snámha ar chách, páistí ag imirt ar an trá! Spleodar ar gach aon duine!

Hé – gabh mo leithscéal?
Fan soicind!
Fan bomaite!
CÉN SCÉAL É SEO?

Mí na Nollag i mBaile Átha Cliath – sneachta ar an talamh, hata agus scaif ar chách, na páistí ag sciáil chun na scoile. Spleodar ar gach aon duine!

Hé – gabh mo leithscéal?
Fan soicind!
Fan bomaite!
CÉN SCÉAL É SEO?

INIS AN FHÍRINNE!

Ó, maith go leor. Mí na Nollag i mBaile Átha Cliath – báisteach, cótaí báistí agus buataisí ar chách, na sráideanna plódaithe. Fuadar faoi gach aon duine!



ACH …

BHÍ AN NOLLAIG AG TEACHT
– HURÁ!!!



Ag an Mol Thuaidh bhí San Nioclás agus a chúntóirí cruinnithe i gCeanncheathrú na Sióg.

'Fáilte romhaibh! Mí na Nollag arís, cé a chreidfeadh é? Hó! Hó! Hó!'

Bhí go leor oibre le déanamh acu. Ghlaoigh San Nioclás an rolla. D'fhreagair gach duine, 'Anseo'.

'Rúdolf Rua.'

Dada.

Níos airde arís:

'Rúdolf Rua?'

Dada.

Níos airde arís:

'Rúdolf Rua?'

'As láthair,' arsa Seán, Ceannaire na Sióg.

'Cá bhfuil sé?' arsa San Nioclás.

'Tá slaghdán air.'

Bhí fearg ar Shan Nioclás. Ba chuma le Rúdolf faoi aon duine seachas é féin. Ní raibh ann ach leadaí leisciúil.

Thóg San Nioclás amach a fhón póca agus ghlaoigh sé ar Rúdolf.



Bííip bííip bííip – 'Rúdolf anseo. Nílim anseo faoi láthair. Má tá mo shíniú uait, cuir glaoch ar mo rúnaí. Aon ghnó eile, fág teachtaireacht. Slán.'

Tar éis tamaill chuaigh San Nioclás sa tóir ar Rúdolf.

'Bhuel, a Rúdolf, cén leithscéal atá agat an uair seo?' a d'fhiafraigh San Nioclás.

Bhí Rúdolf ina luí ina stábla ag an Mol Thuaidh agus sióga óga ag cíoradh a chuid gruaige.

'Táim tinn,' arsa Rúdolf.

'Tinn?'

'Is ea. Tinn. Tá slaghdán orm. Ceapaim go bhfanfaidh mé sa leaba.'

'Ach, a Rúdolf, cad faoin turas anocht? Cad faoi na páistí?'

'Ná bac leis na páistí, céard fúmsa?'

'Leis an bhfírinne a rá, a Shan Nioclás, nílim sásta a thuilleadh sa phost seo. Táim tinn tuirseach den taisteal ar fad.'

'Tinn tuirseach den taisteal? Nach tú an leadaí leisciúil! Níl i gceist ach an t-aon oíche amháin sa bhliain.'

'Tá a fhios agam, ach tá an carr sleamhnáin an-trom. I bhfad róthrom. Ba bhreá liom a bheith i m'aisteoir. Ceapaim go rachaidh mé go *Hollywood*.'

'Cad a dhéanfaidh mé anois?' arsa San Nioclás.

'Ná bíodh buairt ort,' arsa Seán, Ceannaire na Sióg. 'Tá réiteach na faidhbe agamsa. Cuirfimid fógra ar an teilifís. Rachaidh mé chuig RTÉ.'

I mBaile Átha Cliath bhí cailín beag darbh ainm Máire ag smaoineamh faoin Nollaig agus na bronntanais a bhí iarrtha aici ar Dhaidí na Nollag. Bhí sí ag iarraidh bábóg. Ní raibh sí sásta leis an mbronntanas a bhí faighte aici an bhliain roimhe sin.

D'iarr sí ar Dhaidí na Nollag madra beag agus bosca mór milseán a thabhairt di an bhliain roimhe sin.

Bhí Máire an-sásta nuair a fuair sí an madra ar dtús. Mailí a thug sí uirthi. Tar éis tamaill, áfach, d'éirigh Máire tinn tuirseach den mhadra beag. Thug sí Mailí isteach léi go lár na cathrach lá, d'fhág sí in aice le bosca bruscair í agus léim ar bhus. Bhí an madra beag fágtha ansin agus gan a fhios aici cad a dhéanfadh sí.

Bhí Mailí ag maireachtáil léi féin i lár na cathrach. Bhí sí uaigneach ocrach croíbhriste agus ghoid sí bia as cibé áit a bhfaigheadh sí é.

An lá áirithe seo, bhí Mailí i ndiaidh ispíní a ghoid ó shiopa búistéara. Siúd léi ar cosa in airde agus an búistéir sa tóir uirthi.

Ar deireadh thiar thall, stad Mailí taobh amuigh de shiopa teilifíseán chun a hanáil a tharraingt. Bhí an nuacht ar siúl ar na teilifíseáin a bhí i bhfuinneog an tsiopa.

'Tá fadhb mhór ag an Mol Thuaidh anocht. Tá Rúdolf Rua tinn agus ní bheidh sé ábalta an carr sleamhnáin a thiomáint. Anseo liom anois tá Seán, Ceannaire na Siúg. Cén scéal atá agatsa dúinn, a Sheáin?'

'Bhuel, tá na sióga réidh ach tá slaghdán ar Rúdolf. Tá an créatúr chomh lag le sicín. Caithfidh San Nioclás tiománaí nua a fháil. Is post deas é seo. Beidh rogha gach bia agus togha gach dí le fáil ag an té a gheobhaidh é. Cuir glaoch ar an uimhir seo – a naoi, a hocht, a seacht, a sé, a cúig, a ceathair, a trí, a dó, a haon – láithreach!'

Bhí Mailí ag éisteacht go haireach. Tiománaí an chairr shleamhnáin! Carr sleamhnáin Shan Nioclás! Ní bheadh ocras ná tart uirthi go deo arís dá bhfaigheadh sí an post seo. D'alp sí siar na hispíní agus siúd léi ar cosa in airde go dtí stiúideo RTÉ.



'A Shan Nioclás, seo í Mailí,' arsa Seán, Ceannaire na Sióg.

D'fhéach San Nioclás uirthi. Cinnte, bhí sí láidir scafánta – ach cailín! Buachaillí a bhí sna réinfhianna! Ach, mar sin féin, b'fhiú triail a bhaint aisti.

'Tá fáilte romhat, a Mhailí,' arsa San Nioclás. 'Tá súil agam go raibh turas deas agat.'

Bhí mearbhall fós ar Mhailí tar éis di taisteal ar luas lasrach i gcarr sleamhnáin Sheáin go dtí an Mol Thuaidh!

Bhí Mailí cinnte dearfa go ndéanfadh sí an beart. Nach raibh sí in ann rith ar nós na gaoithe? Ach bhí aon fhadhb amháin aici.

'A Shan Nioclás,' arsa Mailí go himníoch. 'Tá fadhb agam. Nílim ábalta eitilt.'

'Ná cuireadh sé sin isteach ná amach ort, a Mhailí. Nach bhfuil a fhios agat go bhfuil draíocht agamsa.'

Thóg San Nioclás bosca beag amach as a phóca. D'oscail sé an bosca agus líonadh an seomra le solas geal.



'Is púdar draíochta é seo,' arsa San Nioclás. 'Scaipfidh mé é seo timpeall ort agus déarfaidh mé an rann draíochta. An bhfuil tú ullamh? Dún do shúile.'

Dhún Mailí a súile.

'Cas timpeall trí huaire agus ansin oscail do shúile.'

Rinne Mailí an rud a dúradh léi. Go tobann bhraith sí chomh héadrom le cleite. D'oscail sí a súile.

'Ó, a Mhailí,' arsa Seán. 'Tá tú ag eitilt! Tá tú ag eitilt!'

Oíche Nollag! Oíche dhochreidte! Mailí, tiománaí nua Shan Nioclás, ag taisteal timpeall an domhain ar nós na gaoithe.

Fuair gach uile pháiste bronntanas seachas aon chailín amháin.

Cérbh í féin?

Tá an ceart ar fad agat – Máire, an cailín a d'fhág Mailí go huaigneach ocrach i lár na cathrach an oíche úd.

Tá post ag Máire agus ag Rúdolf anois. Tá siad ag tabhairt aire do Shan Nioclás, do Mhailí agus do na sióga ar fad. Bíonn orthu na héadaí a ní, na béilí a ullmhú agus na leapacha a chóiriú ó éirí go luí na gréine. Ní mór liom dóibh é!

IS TROM AN tUALACH AN LEISCE!